# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2023DL004 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra na mBeachóg |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Scoil Naisiúnta Mhín Tine Dé, Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | F94 Y886 |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse** | Páirtaimseartha, Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 23/04/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 8 | PM | 7 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | Cigireacht na Luathbhlianta Dhún na nGall,<br>Campas Naomh Conaill,<br>Leitir Ceanainn,<br>Co. Dhún na nGall<br>F95 XK94 |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | L Mc Glynn |
| **Teideal:** | Cigire na Luathbhlianta |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | Ní bhaineann |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís réamhscoile é Naíonra na mBeachóg atá suite laistigh den bhunscoil áitiúil i gceantar tuaithe taobh amuigh de bhaile Ard an Rátha in iarthar Chontae Dhún na nGall.  Soláthraíonn an tseirbhís cúram seisiúnach agus páirtaimseartha do leanaí idir dhá bhliain d'aois agus sé bliana d'aois, óna 9.00am go dtí 2.00pm gach lá den tseachtain. Feidhmíonn an tseirbhís ó sheomra sainithe le háiseanna sláintíochta agus stórála in aice leis. Tá rochtain dhíreach ag leanaí ar áit súgartha slán lasmuigh ón seomra cúraim.

## Soláthar foirne

Tá ceathrar ball foirne fostaithe le bheith ag obair sa tseirbhís, beirt acu sin fostaithe i gcáil faoisimh nuair is gá. Ar lá na cigireachta, bhí beirt bhall foirne i láthair agus bhí siad ag obair go díreach leis na leanaí. Níl an soláthraí cláraithe lonnaithe san áitreabh ar bhonn laethúil, tá duine ainmnithe i gceannas ar oibriú laethúil na seirbhíse.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus fógraíodh ar rialachas/sláinte, leas agus forbairt an linbh/sábháilteacht lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.
Dhírigh an chigireacht ar scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh faoi rialacháin 9, 11, 19, 23 agus 28 le linn na cigireachta, áfach, sainaithníodh neamhchomhlíonadh faoi Rialachán 8 a bhí ina riosca. Tá na torthaí seo leagtha amach laistigh de na rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

**Buíochas**

Is mian leis na cigirí buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta, as a gcomhoibriú.

## Cuid II - Clárú agus Clár

### Rialachán 8 - Fógra i dtaobh athrú ar imthosca

*(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), 60 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.*

*(2) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2) 7 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.*

| Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh |
|---|
| (1) (2) Bhí difríocht idir an duine atá ainmnithe ar an gclár náisiúnta mar an duine i bhfeighil agus an duine a bhí i bhfeighil ar lá na cigireachta agus a deimhníodh gurb é nó í an duine a bhíonn i bhfeighil oibriú laethúil na seirbhíse. |

| Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe |
|---|
| **Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach**<br>Tá an neamhréireacht seo réitithe anois trí fhógra um Athrú Cúinsí (CIC) a sheoladh chuig Tusla maidir leis an duine i bhfeighil. Tá nuashonrú déanta ar an duine atá ainmnithe ar an gclár náisiúnta mar an duine i bhfeighil chuig an duine ar deimhníodh go bhfuil sé nó sí i bhfeighil oibríochtaí laethúla na seirbhíse mar a tugadh faoi deara le linn na cigireachta. Cuirfear aon athrú ar an duine i bhfeighil in iúl do Tusla laistigh de chúig lá oibre trí fhógra um Athrú Cúinsí (CIC) a chur isteach. Cinntíonn sé seo go ndéantar an clár náisiúnta a nuashonrú go pras.<br><br>**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**<br>Fianaise go bhfuil an próiseas CIC curtha isteach. |

| Nóta Tráchta Achomair |
|---|
| Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh shásúil ar an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh faoi Rialachán 8(1)(2). |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*<br>*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*<br>*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*<br>*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (a) (b) Dhá theistiméireacht bhailíochtaithe ó iarfhostóirí, lena n-áirítear an fostóir is déanaí nó foinse eile seachas iarfhostóir i gcás nach raibh fostaíocht san am a chuaigh thart i gceist do na 4 duine fásta.<br>(c) Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána faighte do na baill foirne go léir. Léirigh an tseirbhís comhlíonadh le Fógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta a éilíonn ar sheirbhísí athnuachan a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána gach trí bliana.<br>(d) Bhí grinnfhiosrúchán póilíneachta idirnáisiúnta ón stát ábhartha ar fáil do dhuine fásta amháin.<br>(4) Bhí fianaise dheimhnithe ar íoscháilíocht Leibhéal 5 de chuid Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige nó a chomhionann i gcomhad ceithre daoine fásta. |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** |
| *Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Faoi réir mhír (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí an t-íoslíon iomchuí daoine fásta ag obair leis na leanaí i rith na cigireachta.<br>(2) Ar maidin na cigireachta, bhí ochtar leanaí idir 3-4 bliana d'aois faoi chúram beirt daoine fásta. As an ochtar leanaí a bhí ag freastal, bhí seachtar leanaí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn páirtaimseartha agus d'fhreastail leanbh amháin ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach. Bhí seachtar leanaí ag freastal ar an tseirbhís tráthnóna agus beirt daoine fásta i láthair. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
|---|
| **Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*<br>*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Chuir an tseirbhís bia sláintiúil chun cinn agus ar maidin na cigireachta, chonacthas na leanaí ag ithe raon sneaiceanna cothaitheacha, e.g. ceapairí, brioscóga, iógart agus torthaí a tugadh isteach ón mbaile. Bhí teacht ag gach leanbh ar a gcuid buidéil uisce féin. Chruthaigh baill foirne atmaisféar sóisialta le linn am sneaice trí shuí síos leis na leanaí agus a gcuid bia féin a ithe. Chonacthas na leanaí i mbun comhrá sóisialta lena chéile agus leis na baill foirne. Ní raibh deifir ar na leanaí agus iad ag ithe, agus tugadh go leor ama dóibh a sneaic a chríochnú. Bhí na leanaí neamhspleách ó thaobh an leithreas a úsáid agus toisc go raibh an leithreas in aice leis an seomra spraoi bhí teacht éasca ar na leanaí air. Thug an fhoireann meabhrúcháin bhog do na leanaí ag eatraimh nádúrtha i rith an |

lae, mar shampla, roimh dóibh dul i mbun spraoi lasmuigh, dul go dtí an leithreas más gá. Spreagadh na leanaí a nglaineacht phearsanta féin a choinneáil. Bhí fíocháin ar fáil agus bhí rochtain ag leanaí orthu nuair ba ghá. Bhí gnáthamh laethúil seanbhunaithe i bhfeidhm sa tseirbhís, rud a chur na leanaí ar a suaimhneas, agus ba léir ar lá na cigireachta go raibh na leanaí eolach agus compordach leis an ngnáthamh. Rinneadh bainistiú éifeachtach ar aistrithe, leis na leanaí ag glacadh páirt ghníomhach sna hullmhúcháin don chéad ghníomhaíocht eile.

Laistigh, bhí seomra mór geal amháin roinnte ina réimsí spéise éagsúla do na leanaí. Bhí go leor acmhainní ar fáil do na leanaí chun a bheith páirteach i gcineálacha éagsúla súgartha, mar shampla, thug an chistin/siopa, an cúinne tógála, an domhan beag agus cúinne na mbábóg deiseanna do na leanaí páirt a ghlacadh i rólghlacadh agus súgradh samhlaíoch. Bhí tráidirí gainimh agus uisce ar fáil go héasca le haghaidh súgradh céadfach agus bhí seastán ealaíne agus péint ar fáil ar mhaithe le cruthaitheacht na leanaí. Bhí raon éagsúil de chláir pionnaí, míreanna mearaí, nascóirí agus bloic ar fáil chun tacú le forbairt chognaíoch na leanaí. Thug aonaid seilfeanna oscailte ar leibhéal íseal rochtain éasca do leanaí a spraoi féin a threorú, ag roghnú ábhair súgartha go neamhspleách.

Bhí rochtain dhíreach ag na leanaí ón seomra spraoi ar áit iata lasmuigh, áit ar chaith siad roinnt ama ar lá na cigireachta. Bhí spás ag na leanaí san áit spraoi lasmuigh a gcuid rothar agus trírothach a úsáid agus dúirt an fhoireann go dtugtar acmhainní amach go dtí an áit spraoi, ag brath ar spéiseanna agus roghanna pearsanta na leanaí. Sa ‘garraí daingean’ san áit spraoi lasmuigh, bhí spás foscúil ar fáil inar breathnaíodh leanaí i mbun rólghlactha. Chruthaigh na toir teorann agus thug na cathaoireacha gairdín istigh ann spás suaimhneach do leanaí chun scíth a ligean agus iad amuigh.

Bhí na baill foirne comhbhách, aireach agus freagrúil do riachtanais na leanaí. Bhí na hidirghníomhaíochtaí idir daoine fásta agus leanaí dearfach spreagúil, agus rinne an fhoireann na leanaí a mholadh go rialta as a n-iarrachtaí agus a ngnóthachtálacha. Ar lá na cigireachta, chonacthas leanaí ag súgradh le chéile chun caidreamh dearfach a chothú. D'oibrigh na leanaí go comhoibríoch le chéile, agus thug na baill foirne spás do na leanaí na hargóintí beaga a bhí acu a réiteach.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
| --- |
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

- Bhí imlíne an áitribh daingean slán nuair a tháinig an cigire, agus thug córas cloigín foláireamh don fhoireann go raibh cuairteoir ann. Bhí teorainn na háite spraoi lasmuigh iata le fál adhmaid agus meicníochtaí daingnithe ardleibhéil ar an ngeata chun cosc a chur ar leanaí an áit spraoi a fhágáil gan mhaoirseacht.
- Bhí na timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh coinnithe go maith agus níor tugadh aon ghuaiseacha faoi deara.
- Bhí cordaí na ndallóg ceangailte go daingean agus bhí táscairí infheictheachta curtha ar na painéil ghloine íseal-leibhéil.
- Stóráladh trealamh agus táirgí glantacháin áit nach raibh teacht ag na leanaí orthu.
- Bhí gach bealach amach ón tseirbhís saor ó bhac.
- Tugadh faoi deara go raibh na bréagáin agus acmhainní  spraoi glan, i ndea-bhail agus oiriúnach d'úsáid ag na leanaí.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

- Coinníodh an seomra réamhscoile agus an chóiríocht sláintíochta deas glan sláinteach. Bhí taifid ghlantacháin cothrom le dáta ar fáil ina raibh gach ceann de na háiteanna a bhíonn le glanadh ar bhonn rialta luaite.
- Bhí an soláthar uisce te ag báisíní níocháin na leanaí rialaithe go teirmeastatach ionas nach ndeachaigh sé thar an uasteorainn sábháilte 43°C. Chonacthas leanaí ag ní a lámha ag eatraimh chuí le tacaíocht ó dhaoine fásta nuair ba ghá.
- Bhí na príomh-araidí stórála dramhaíola in áit shábháilte amach ó áiteanna spraoi na leanaí. Bhí boscaí bruscair troitheánacha ar fáil laistigh den seomra spraoi agus sa chóiríocht sláintíochta.
- Bhí lónta leanaí ina raibh míreanna bia so-mheata stóráilte i gcuisneoir.

**Dáileadh Cógas:**

- Stóráladh cógais áit nach raibh na leanaí in ann teacht air. Bhí beartas ag an tseirbhís maidir le cógas a dháileadh go sábháilte agus i gcomhphlé leis an gcigire, léirigh an fhoireann eolas maith ar an nós imeachta a bhí le leanúint.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
| --- |
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí deimhniú árachais ar fáil ina raibh sonraí an chumhdaigh do suas le 22 leanbh ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach luaite. Ba é an 27 Márta 2025 an dáta éaga a bhí luaite ar an deimhniú. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2023DL004 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra na mBeachóg |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Scoil Naisiúnta Mhín Tine Dé, Meentineadea National School, Ard an Rátha, Co. Donegal |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | F94 Y886 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Part Time, Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date of Inspection:** | 23/04/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 8 | PM | 7 |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Donegal Early Years Inspectorate,<br>St. Conal's Campus,<br>Letterkenny,<br>Co. Donegal.<br>F95 XK94 |
| **Inspection undertaken by:** | L Mc Glynn |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not applicable |

## Description of service

Naíonra na mBeachóg is a pre-school service situated within the local primary school in a rural area outside the town of Ardara in west county Donegal. The service provides both sessional and part time care to children aged between two and six years and operates from 9.00am to 2.00pm each weekday. The service operates from a designated room with adjacent sanitary and storage facilities. Children have direct access from the care room to a secure outdoor play area.

## Staffing

There are four staff members employed to work in the service, two of which are employed in a relief capacity when required. On the day of inspection, there were two staff members present and working directly with the children. The registered provider is not on the premises on a daily basis, there is a named person in charge of the daily operation of the service.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was announced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety. The inspection may also focus on other areas as required.

The inspection focused on an examination of compliance under regulations 9, 11, 19, 23 and 28 however, on inspection additional non-compliance which posed a risk was identified under Regulation *8*. These findings are outlined within the relevant regulation within this report.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part II - Registration and Register

**Regulation 8 - Notification of change in circumstances**

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a temporary pre-school service shall, subject to paragraph (3), notify the Agency in writing of any proposed change in the details in relation to the pre-school service contained in the register pursuant to section 58C(2) of the Act or Regulation 7(2) at least 60 days before it is proposed that the change would take effect.*

*(2) A registered provider of a temporary pre-school service shall, subject to paragraph (3), notify the Agency in writing of any proposed change in the details in relation to the pre-school service contained in the register pursuant to section 58C(2) of the Act or Regulation 7(2) at least 7 days before it is proposed that the change would take effect.*

## Non-Compliance Information

(1) (2) The person named on the national register as the person in charge did not correlate with the person in charge present on the day of inspection and confirmed to be the person in charge of the daily operation of the service.

## Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

**Corrective and Preventive Action**

This discrepancy has now been rectified by sending a Change in Circumstances (CIC) notification to Tusla for the person in charge. The person named on the national register as the person in charge has been updated to correlate with the person confirmed to be in charge of the daily operations of the service as observed during the inspection. Any changes in the person in charge will be communicated to Tusla within five working days through the submission of a Change in Circumstances (CIC) notification. This ensures the national register is updated promptly.

**Supporting documentation submitted**

Evidence of completion of the CIC process submitted.

## Summary Comment

The inspector has reviewed the actions and evidence submitted. The non-compliance identified under Regulation 8 (1) (2) has been adequately addressed.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(a) (b) Two references from past employers, including the most recent employer or a source other than a past employer in cases where there was no past employment was available for four adults.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for all adults. The service also demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.

(d) International police vetting from the relevant state was available for one adult.

(4) Certification evidence of a Quality and Qualifications Ireland (QQI) minimum Level 5 qualification in Early Childhood Care and Education or equivalent was on file for four adults.

| Part III – Management and Staff |
|---|
| **Regulation 11 - Staffing levels** |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br>*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The minimum number of adults were working with the children during the inspection.<br>(2) On the morning of inspection there were eight children aged 3-4 years being cared for by two adults. Of the eight children attending, seven children attended the part time service and one child attended on a sessional basis. There were seven children attending the service in the afternoon with two adults present. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 19 - Health, welfare and development of child** |
| *(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*<br>*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and* |
| **Compliance Information** |
| The service promoted healthy eating and on the morning of inspection children were observed enjoying a range of nutritious snacks including sandwiches, crackers, yogurts and fruit brought in from home. Each child had access to their own individual bottles of drinking water. Staff members created a social atmosphere during snack time by sitting with the children and enjoying their own food. Children were observed engaging in social conversation both with each other and with members of staff. The mealtime was unhurried, and children were given ample time finish their snack. Children were independent in their toileting needs and the location of the sanitary accommodation adjacent to the playroom facilitated easy access for children. Staff provided gentle reminders to children at natural intervals during the day, for example prior to outdoor play, to use the facilities if required. |

Children were encouraged to maintain their own personal cleanliness. Tissues were provided and accessible to children within reach if required. There was an established daily routine in operation in the service which offered predictability for children and it was evident on the day of inspection that children were familiar and comfortable with the routine. Transitions were managed effectively with children as active participants in the preparation for the next activity.

The indoor environment consisted of one large bright room subdivided into different interest areas for children. There were ample resources available to the children to engage in a variety of types of play, for example the kitchen/shop, construction, small world and doll areas provided children with opportunities to engage in role and imaginative play. Sand and water trays were readily available for sensory play and an art easel with paint provided for children's creativity. An assortment of peg boards, jigsaws, connectors and blocks were available to support children's cognitive development. Open low level shelving units provided easy access for children to self-direct their play, independently choosing play materials.

Children had direct access from the room to a secure outdoor area which they spent time in on the day of inspection. The area provided space for children to use their bikes and trikes and staff stated that resources are brought out into the area depending on the interests and preferences of children. A 'walled garden' within the outdoor area provided a sheltered space where children were observed engaging in role play. The boundary shrubs and garden chairs within the garden created a relaxing space for children to utilise while outdoors.

Staff members were caring, attentive and responsive to the needs of children. Interactions between adults and children were positive, encouraging and staff regularly praised children for their efforts and achievements. On the day of inspection, children were observed playing together promoting the development of positive relationships. Children worked together collaboratively, and staff members provided the space for children to work through minor disputes.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child** |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* |
| **Compliance Information** |

**General Safety:**

- The perimeter of the premises was secured on the inspector's arrival with a bell system alerting staff to visitors. The boundary of the outdoor play area was enclosed with wooden fencing and high-level securing mechanisms on the gate to prevent children leaving the area unsupervised.
- The indoor and outdoor environments were well maintained with no evidence of hazards.
- Window blind cords were secured and low level glass panels were fitted with visibility indicators.
- Cleaning equipment and products were stored in an area inaccessible to children.
- All exit routes within the service were free from obstruction.
- Toys and play resources were noted to be clean, in good repair and appropriate for children's use.

**Infection Control:**

- The preschool room and sanitary accommodation was maintained in a clean, hygienic condition. Cleaning records detailing each of the areas requiring regular cleaning were completed up to date.
- The hot water supply at children's wash hand basins was thermostatically controlled to not exceed the maximum safe limit of 43°C. Children were observed washing their hands at appropriate intervals with adult support when required.
- The main waste storage bins were in a secure area away from the children's play areas. Foot pedal operated bins are available within the room and the sanitary accommodation.
- Childrens lunches containing perishable food items were sorted in a refrigerator.

**Administration of Medication:**

- Medication was stored in an area inaccessible to children. The service had a policy on the safe administration of medication and in discussion with the inspector, staff demonstrated sound knowledge of the procedure to follow.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| An insurance certificate was available detailing adequate insurance cover for up to 22 children attending the service on a part time basis. The expiry date of the certificate was 27 March 2025. |